**CINNEADH Uimh. 01/2021 Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**(tar éis an chomhairliúcháin i scríbhinn)**

**maidir le glacadh bhuiséad an Chomhphobail Iompair don bhliain 2021 (2023/559)**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Leis seo, glactar buiséad an Chomhphobail Iompair don bhliain 2021, atá ceangailte den Chinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de na rialacha airgeadais agus le nósanna imeachta iniúchta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, féadfar leithreasuithe de líne bhuiséid ar leith ó bhuiséad 2021 a úsáid chun críocha a bhaineann le líne bhuiséid eile, laistigh den teorainn iomlán 10 % de leithreasuithe na líne buiséid ar leith sin. Ní bheidh feidhm aige sin maidir leis an líne bhuiséid i dtaca le buiséad na n-acmhainní daonna.

2. Maidir le leithreasuithe a thugtar anonn chun oibleagáidí a síníodh ag deireadh 2020 a chomhlíonadh, mar a shonraítear sa bhuiséad atá ceangailte de seo, ní bheidh siad incháilithe don úsáid dá dtagraítear i mír 1. Ní chuirfear san áireamh iad chun an t-uasmhéid a chomhfhreagraíonn don teorainn 10 % dá dtagraítear ann a chinneadh.

*Airteagal 3*

Leithreasuithe nár gealladh faoi dheireadh na mblianta airgeadais 2019 agus 2020, déanfar iad a chur ar ceal agus a íoc ar ais leis na Páirtithe i gcomhréir leis na céatadáin a leagtar síos in Iarscríbhinn V den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus leis na ranníocaíochtaí a íocadh iarbhír.

Arna dhéanamh i Sairéavó, an 28 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

([1]) IO AE L 278, 27.10.2017, lch. 3.

BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR DON BHLIAIN 2021

| Líne bhuiséid | | Méid (EUR) |
|---|---|---|
| 1. | Buanrúnaíocht | |
| 1.1. | Acmhainní daonna | 1 465 706 |
| 1.2. | Costais taistil | 172 560 |
| 1.3. | Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 353 080 |
| | — An méid atá ina chreidmheasanna nua | 303 080 |
| | — Méid na leithreasuithe buiséid a dtugtar anonn a chomhfhreagraíonn d'oibleagáidí a svíníodh ag deireadh 2020 agus a bhfuil íocaíochtaí dlite ina leith in 2021 | 50 000 |
| 1.4. | Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear:<br>— Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (iniúchadh, infheictheacht, oiliúint foirne, muirir bhainc)<br>— Costais cruinnithe agus comhdhálacha<br>— Costais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide<br>— Costais earcaíochta | 247 590 |
| 1.5. | Staidéir, Cúnamh teicniúil chun tacú le *Acquis* agus Pleananna Gníomhaíochta an Aontais a chur chun feidhme | 530 000 |
| | — An méid atá ina chreidmheasanna nua | 400 000 |
| | — Méid na leithreasuithe buiséid a dtugtar anonn a chomhfhreagraíonn d'oibleagáidí a síníodh ag deireadh 2020 agus a bhfuil íocaíochtaí dlite ina leith in 2021 | 130 000 |
| 2. | An Chomhairle Aireachta | |
| 2.1. | Costais cruinnithe agus comhdhálacha | 60 000 |
| 3. | An Coiste Stiúrtha Réigiúnach | |
| 3.1. | Costais cruinnithe agus comhdhálacha | 20 950 |
| 4. | Coistí Teicniúla | |
| 4.1. | Costais cruinnithe agus comhdhálacha | 99 100 |
| 5. | An Fóram Sóisialta | |
| 5.1. | Costais cruinnithe comhdhálacha | 13 300 |
| Cúlchiste (thart ar 8 % de na creidmheasanna nua) | | 217 714 |
| Iomlán na gcreidmheasanna nua | | 3 000 000 |
| Iomlán na tabhartha anonn ón mbliain 2020 | | 180 000 |
| Comhiomlán | | 3 180 000 |
| Ranníocaíocht AE (80 % de na creidmheasanna nua) | | 2 400 000 |
| Ranníocaíocht Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % de na creidmheasanna nua: tá an dáileadh de réir tíre le fáil in Iarscríbhinn V de TCT) | | 600 000 |